OÉ Gaillimh
NUI Galway

# BA SA GHAEILGE

# 2020/21

## Ionduchtú: Ceisteanna Coitianta

1. **Cad iad na riachtanais iontrála don chúrsa seo?**

   Is gá H5 a bheith agat sa Ghaeilge, ach bíonn marc níos airde ná sin ag formhór na mac léinn.

2. **An gá Gaeilge ó dhúchas a bheith agat nó freastal ar Ghaelscoil/Ghaelcholáiste?**

   Ní gá.

3. **Cad iad na modúil a bheidh ar siúl aga má tá Céim BA Connect ar siúl agam?**

   Beidh dhá mhodúl Gaeilge ar siúl agat. NG1105 (An Teanga Bheo) agus roghnóidh tú NG1106 nó NG1107.

4. **Cad iad na hábhair eile a roghnaíonn mic léinn mar chuid den chéim GY101 BA (Comhonóracha le Gaeilge)?**

   Roghnaíonn mic léinn réimse an-leathan ábhar i dteannta na Gaeilge. Go minic, roghnaítear léann an aistriúcháin agus an Fhraincis trí Ghaeilge mar ábhair eile in éineacht leis an nGaeilge sa chéad bhliain.

5. **Cé chomh fada agus a mhaireann an cúrsa seo?**

   Cúrsa ceithre bliana atá ann. Beidh deis agat an tríú bliain a chaitheamh sa Ghaeltacht in Ionaid Ghaeltachta de chuid Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus ar shochrúchán oibre in eagraíocht Ghaeilge.